

Scoil an Duinnínigh

“SAMHRADH AN GHRÁ”



Radharc 1

(Buachaillí ag rith ar an ardán, ag troid faoi cheapaire)

Alex :

Tabhair dom é.

Alex A:

Ná beir air.

Alex:

Sin mo cheapaire.

Caoimhín:

Aaah eeh!?? An-deas.

Alex:

Tabhair dom é.

(faigheann Pudzie é)

Alex:

Álainn, níl aon cheapaire inchurtha leo.

Gach Duine:

Haigh, Kenicke.

Kenicke:

Haigh ‘guys’.

Alex A:

Cad a rinne tú i rith an tsamhraidh?

Kenicke:

Bhí mé ag stracadh le boscaí thíos ar an gcuan.

Caoimhin:

Job maith?

Kenicke:

Ara ní hea, airgead a bhí uaim.

Caoimhin:

Cén fáth?

Kenicke:

Teastaíonn uaim rothaí a cheannach.

Gach Duine:

Rothaí????

Kenicke:

‘Sea.

Alex:

Ar mhaith libh cloisteáil cad a rinne mise?

Gach Duine:

Níor mhaith.

Alex A:

Féach sin Zuko.

<u>Gach Duine:</u>	Haigh Zuko, thall anseo.
<u>Danny Zuko:</u>	Haigh lads, conas atá sibh?
<u>Gach Duine:</u>	Go breá.
<u>Alex A:</u>	Ar bhuail tú le cailíní deasa sa samhradh?
<u>Danny:</u>	Bhuail cinnte.
<u>Kenicke:</u>	Cá háit?
<u>Danny:</u>	Thíos, ar an trá
<u>Gach duine:</u>	Aon chailín deas??
<u>Danny:</u>	Bhuail mé le cailín amháin Cailín speisialta.... Bhí sí go hálainn.
<u>Gach Duine:</u>	Inis dúinn fúithi.
<u>Danny:</u>	Ara, am éigin eile... brostaíge ní maith liom bheith déanach an chéad lá ar ais ar scoil....

Radharc 2

<u>Sandy:</u>	An bhfuil mé ceart go leor?
<u>Frenchie/Amber:</u>	Tá tú go breá Sandy.
<u>Sandy:</u>	Tá mé neirbhíseach.
<u>Frenchie:</u>	Ní gá duit, beidh tú ceart go leor.
<u>Sandy:</u>	Ach seo mo chéad lá i scoil nua.
<u>Frenchie:</u>	Ná bí buartha... beidh tú go breá.

<u>Rizzo/Blathnaid:</u>	Seo muid ar ais ar scoil arís.
<u>Marti/Hollie:</u>	Sea, Ach is sinsir muid anois.
<u>Rizzo:</u>	Cinnte! Beidh muid ag rialú na scoile!

<u>Jan/Orla Ni F:</u>	Haigh Rizzo, Haigh Marti.
<u>Rizzo:</u>	Haigh Jan.
<u>Jan:</u>	An bhfaca tú Danny ar maidin Rizzo?
<u>Rizzo:</u>	Seanscéal é sin anois.
<u>Frenchie:</u>	Haigh a chailíní. Seo Sandy. Sandy Olsen. Sandy, seo Jan, Rizzo agus Marti.
<u>Gach Duine:</u>	Haigh Sandy.
<u>Frenchie:</u>	Is as an Astráil do Sandy.
<u>Rizzo:</u>	Conas atá rudaí thíos san Astráil?

<u>Sandy:</u>	Go maith, go raibh maith agat.
<u>Jodie:</u>	Marti, An bhfuair tú spéaclaí nua?
<u>Marti:</u>	Fuair, an bhfuil mé níos glisce leo??
<u>Rizzo:</u>	Níl, is féidir liom d’aghaidh a fheiceáil fós!
<u>Patti:</u>	***** Hoigh a chailíní. Is breá liom an chéad lá ar ais ar scoil... Tomhas cé atá ag dul don chomhairle scoile??
<u>Gach Duine:</u>	Cé?
<u>Patti:</u>	<u>Mise.</u> Tá mé go huafásach ... ach an ndéanfaidh sibh votáil dom ... Seo mo chárta.. “Patti Symcox... Ba mhaith liom a bheith cairdiúil libh” Oh, Cailín nua!!! *****
<u>Frenchie:</u>	Cad a cheapann tú faoi Sandy?
<u>Rizzo:</u>	Tá sí ródheas... rómhilis, ní maith liom í. *****
	<i>(Jodie ag caint le Sandy)</i>
<u>Jodie:</u>	Haigh Sandy! Cad a rinne tusa i rith an tsamhraidh?
<u>Sandy:</u>	Bhí mé ar an trá, an t-am go léir.
<u>Rizzo:</u>	Leat féin.
<u>Sandy:</u>	Ní hea, bhí buachaill liom.
<u>Marti:</u>	Buachaill?
<u>Sandy:</u>	Sea, buachaill álainn. Bhí sé speisialta.
<u>Rizzo:</u>	Buachaill Speisialta! Níl a leithéid le fáil!!!

Radharc 3

Kenicke:

Inis dúinn cad a tharla ar an trá Danny.

Danny:

Rud ar bith, rud ar bith.

Gach duine:

Ah Danny, Inis dúinn gach rud, inis, inis.

Danny:

Oh, ceart go leor ...éistigí

Amhrán – Grá an tSamhraidh

Grá an tsamhraidh, thit orm aréir,
Grá an tsamhraidh, tharla go mear.
Bhuail le bá-b
Grá aici dom.
Bhuail le boc
Glic éirimiúil
Laethe ciúine scuabadh ar shiúl
Ó ú ú óna hoicheanta sin.

Curfá: Bhuela,bhuela ó

Inis dom, inis dom, an raibh tú go maith?
Inis dom, inis dom an raibh carr aige?

Shnámh sí tharam, fuair sí crampa,
Dimigh sé tharam, bhí mé an-tais
Shábháil mé í, beagnach báite
Geaitsí air ag lapadaíl
Grian shamhraidh, tosach i gceart
Ach ó, na hoícheanta sin.

Curfá: Bhuela,bhuela ó

Inis dom, inis dom, an é grá den chéad radharc?
Inis dom, inis dom, an bhfuair tú an bua?

Chuaigh ag babhláil, sa stuabhealach
Chuaigh ag siúlóid ag ól líomanáide
Chuaigh ar aghaidh faoi na dugaí

D'fhan, amach go deich a chlog
Thug sé faoi, is cuma faoi
Ach, ó na hoícheanta sin.

Curfá:

Inis dom, inis dom, ní cheart duit a mhaíomh
Inis dom inis dom, mar is leadránach é
Shuda Bop Bop x7
Ana-chairdiúil lámh le láimh
Ana-chairdiúil thíos ar an trá
Bhí sé deas, ocht mbliana déag
Bhí sí maith, is fíor é gan bhréag
Teocht Samhraidh, báb is boc
Ach ó na hoícheanta sin.

Curfá:

Inis dom, inis dom, cá mhéad euro a chaith sé?
Inis dom, inis dom, an bhfuil cara aici?

Dul i bhfuaire, sin an deireadh
Dúirt mé leí ..cáirde sinn
Mionn is móid ...a chomhlíonadh
Iontas orm. Cad ar siúl aici?
Grá an tsamhraidh roiseadh go fíor
Ach ó na hoícheanta sin
Inis dom, Inis dom.

(Buachaillí amach)

Frenchie:

Cén t-ainm a bhí ar an mbuachaill sin, Sandy?

Sandy:

Danny.....

Frenchie:

Danny?

Sandy:

Sea, Danny Zuko.

Rizzo:

Danny Zuko. Tá sin suimiúil.

Gach Duine:

Tá, an-suimiúil ar fad.

Rizzo:

Haigh, a bhuachaillí.

<u>Buachaillí:</u>	Haigh Rizzo.
<u>Jan:</u>	Haigh Danny. Féach cé atá anseo. (<i>Brúnn siad Sandy amach</i>)
<u>Danny:</u>	(<i>Iontas air</i>) Sandy!
<u>Sandy:</u>	Danny!
<u>Danny:</u>	Cheap mé go raibh tú san Astráil.
<u>Sandy:</u>	Níl, tá mé anseo.
<u>Danny:</u>	Tá sin go hiontach, go hiontach ar fad. (<i>Tagann na buachaillí suas chuig Danny agus seasann siad timpeall air. Athraíonn Danny, é ag iarraidh a bheith ‘cool’</i>)
<u>Danny:</u>	‘Chill’ a bháb, ‘Chill’.
<u>Sandy:</u>	Danny, cad atá cearr leat?
<u>Danny:</u>	Cad atá cearr liom a bháb? Cad atá cearr leatsa?
<u>Sandy:</u>	Cad a tharla don Zuko a raibh aithne agam air?
<u>Danny:</u>	Bhuel, níl a fhios agam.... Cuardaigh ‘missing persons’ nó ‘yellow pages’!
<u>Sandy:</u>	Danny tá tú gránna liom. Tá brón orm gur bhuail mé leat ariamh!
<u>Danny:</u>	‘Chill’, a bháb ‘Chill’.... Caithfidh mé imeacht leis na buachaillí. (<i>Amach leis na buachaillí ag gáire agus ag magadh</i>)
<u>Frenchie:</u>	Cad atá cearr leat Sandy?
<u>Sandy:</u>	Níl a fhios agam, Ní thuigim. Bhí sé chomh deas i rith an tsamhraidh.
<u>Frenchie:</u>	Ah, ná bac leis. ‘Rats’ is ea na buachaillí go léir. Tar liom chuig mo theach anocht. Beidh na cailíní eile ann.

<u>Sandy:</u>	An bhfuil tú cinnte gur mhaith leo mé a bheith ann??
<u>Frenchie:</u>	Ba mhaith leo bualadh leat.
<u>Sandy:</u>	Ceart go leor mar sin.
	<i>Ardán le socrú do ‘Sheomra leapa Frenchie’</i>
	Amhrán: Cailíní Gleoite, dath inár ngruaig, málaí HD Cailíní Gleoite, ingne daite, Seoid Tiffany’s Le héadaí álainn faiseanta ó Zara agus Penny’s ‘S tagaimid le chéile agus glacaimid roinnt ‘selfies’!
<u>Cliona:</u>	An bhfuil dath ingne ag éinne?
<u>Jan:</u>	Tá. Cén dath atá uait?
<u>Caoimhe,Aoife:</u>	Dearg..... nó dubh, cad a cheapann tú?
<u>Jan:</u>	Oh dubh gan amhras.
<u>Laura:</u>	Tá dubh ‘Cool....’sea cool’. Seo duit. (Cailíní ag cóiriú – ingne, gruaig agus smeideadh)
<u>Orla Nic M:</u>	Hey Rita- Cén dath atá tú ag cur i do ghruaig?
<u>Erin:</u>	Déan tomhas.
<u>Eilis:</u>	Fionn?
<u>Erin:</u>	Ní hea.
<u>Lily May:</u>	Dubh?
<u>Erin:</u>	Ní hea.
<u>Aishling:</u>	Ach cén dath?
<u>Erin:</u>	Rua.
<u>Rizzo:</u>	Rua – Beidh sin suimiúil.
	Taispeáin dúinn é (ag iarraidh féachaint faoin túaille)

<u>Orla Nic C:</u>	Caithfidh sibh fanacht. Níl sé réidh fós. <i>(Isteach le Frenchie agus Sandy)</i>
<u>Frenchie:</u>	Haigh a chailíní. Féach, tá Sandy liom.
<u>Cailíní:</u>	Haigh Sandy, Haigh Frenchie.
<u>Rizzo:</u>	Sandy, ar chuir tusa dath i do ghruaig?
<u>Sandy:</u>	Níor chuir. Sin an dath a bhíonn air i gcónaí.
<u>Rizzo:</u>	An bhfuil tú cinnte?
<u>Sandy:</u>	Tá.
<u>Ali:</u>	Ar mhaith leat ‘poll’ i do chluasa?
<u>Sandy:</u>	Poll i mo chluasa?
<u>Ali:</u>	Sea, cuirfidh mise ann iad.
<u>Sandy:</u>	An bhfuil sé dainséarach?
<u>Ali:</u>	Níl, rinne mé cheana é.
<u>Sandy:</u>	An bhfuil tú cinnte?
<u>Ali:</u>	Tá. Ba mhaith liom a bheith im ‘Beautician’ amach anseo. Tar liom go dtí an seomra folctha agus déanfaidh mé duit iad.
<u>Sandy:</u>	Ceart go leor. <i>(amach leo)</i> <i>(fáinne ar taispeáint ag Hannah)</i>
<u>Hannah</u>	Féach air seo.
<u>Alannah/ Nahia:</u>	Tá sé go hálainn.
<u>Hannah:</u>	Fáinne luachmhar is ea é.
<u>Nahia:</u>	Ag magadh atá tú Marti.
<u>Hannah:</u>	Ní hea. Cheannaigh Mam dom é.

(Cloistear screadaíl ón seomra folctha)

Rizzo:

Oh Sandy bocht!

(Tagann Frenchie amach as an seomra folcadh)

Ali:

Oh tá Sandy bocht tinn. Ní maith léi fuil. Cad a dhéanfaidh mé?

Rizzo:

Tabhair deoch ‘Brandy’ di!

Ali:

Ahh Rizzo, stad den magadh.

Tabhair deoch uisce di.

Rizzo:

Oh Sandy, tá tú tinn...

Marti:

...Ní maith leat fuil...

Rizzo:

...Níl dath i do ghruaig..

Marti:

...Tá tú cliste..

Rizzo:

...Tá grá ag na Buachaillí duit...

Rizzo & Marti:

...Sandy, tá tú Foirfe.

Amhrán:

Féach orm
Is ceart go bhfuil
Rud éigin níos mó ionam
Ceart is cóir
Chomh heaglach is neamhchruinn
Is trua Sandra Dee.

Sandy, coinnigh tú féin anois
Deán anois mar ba chóir duit
Tóg do cheann is
Tarraing d'anáil trom
Slán le Sandra Dee.

(Tagann Sandy amach ag an deireadh)

Sandy:

Bhí sibh ag magadh fúm. Níl sé féaráilte. Tá mé ag imeacht.

(Imíonn na cailíní agus tosaíonn Sandy ag caint)

Sandy:

Féach orm. Mo chairde ag magadh fum. Danny imithe agus mé i ngrá fós.

Tosaíonn Sandy ag canadh – ‘Éadóchasach i ngrá leat’

Mo chroí an chéad croí le bheith briste
Mo shúile lán le deora fosta
Mise cinnte dearfach
Níl aon dul amach as seo.

Tá a fhios agam gur óinseach mé
Mé i mo shuí ag fanacht ort
Ach Baby féach orm
Éadóchasach i ngrá leatsa.

(Imíonn Sandy ón ardán go brónach)

(Carr ar an ardán agus na buachaillí ar an ardán á dheisiú)

Kenicke:

Ah brúigí é Brúigí níos láidre.

Sam:

Táimid ag brú go láidir.

Kenicke:

Brúigí níos láidre fós.

Tadhg:

Stadaigí den troid ... brúigí le chéile. 1,2,3.....

Kenicke:

Níl aon mhaith ann, tá sé briste go dona.

Danny:

Tá sé ag titim as a chéile.

Maitiú:

Is cóir dó a bheith sa reilig.

Kenicke:

Ní cóir, ní cóir.

Danny:

Tá corp an chairr ceart go leor.

Sam:

Agus na rothaí. Tá siad go breá.

Tomas:

Tá na fuinneoga go breá.

	Osclaíonn siad agus dúnann siad.
<u>Alex:</u>	Tá an fhadhb leis an inneall.
<u>Kenicke:</u>	Tá an fhadhb i do bhéal.
<u>Gabhán:</u>	Haigh Kenicke, an bhfuil ‘Cellatéip’ agat?
<u>Kenicke:</u>	Cellatéip? Amadán ceart thú. Suigh síos.
<u>Danny:</u>	Cad a thiomáineann tusa?
<u>Conor:</u>	Tiomáinim carr mo dhaid.
<u>Danny:</u>	Cad faoin chuid eile agaibh?
<u>Buachaillí</u>	Bhuel ... m...m....
<u>Danny:</u>	Sin a cheap mé.
<u>Darragh:</u>	Thiocfadh leis an gcarr seo a bheith ina charr iontach.
<u>Danny:</u>	Thiocfadh leis a bheith ‘Systomatic’
<u>Grúpa</u>	‘Hydromatic’
<u>Buachaillí:</u>	‘Ultramatic’
<u>Danny:</u>	Thiocfadh leis bheith greisc-tinntreach!

Amhrán: Greisc Tintreach

Ardaítheóirí tógála sa spéir
 ...oh yeah.
 Instealladh breosla is slata croma
 ...oh yeah.
 Le carr trí luas talún
 Is ag fanacht ag an tlú
 Níl bréag le fáil ansin
 Ag tiomáint tríd an spéir
 Greisc Tintreach gabh x8

Gabh greisc tintreach ag siúl ar aghaidh
 an ceathrú mil

gabh greisc tintreach
Gabh greisc tintreach
ag seoladh tríd an chúrsa trialach.
Gabh greisc tintreach
Tá tú iomlán
Thar na beartán
Do ghreisc tintreach, tintreach gabh x8

<u>Kenicke:</u>	Cad atá cearr leat Danny?
<u>Danny:</u>	Tá brón orm Kenicke. Tá Sandy caillte agam agus tá mé go mór i ngrá léi.
<u>Kenicke:</u>	Tá seans agat fós Danny. Tá sí thall ansin anois.
<u>Danny:</u>	Níl a fhios agam.
<u>Kenicke:</u>	Ná bí amaideach Danny. Téigh anonn chuici.
<u>Danny:</u>	Bhuel ceart go leor. <i>(Téann Danny anonn go drogallach chuig Sandy)</i>
<u>Danny:</u>	Haigh Sandy.
<u>Sandy:</u>	Haigh.
<u>Danny:</u>	Tá brón orm Sandy.
<u>Sandy:</u>	Ba chóir go mbeadh.
<u>Danny:</u>	Tabhair seans eile dom.
<u>Sandy:</u>	Cén fáth? Bhí tú gránna liom os comhair na ‘lads’.
<u>Danny:</u>	Tá a fhios agam. Tá brón orm.
<u>Sandy:</u>	Níl a fhios agam.
<u>Danny:</u>	Ah, le do thoil. Is tú an té atá uaim. Tá mé caillte gan thú. Tá mé go mór i ngrá leat Sandy.
<u>Sandy:</u>	Bhuel, ceart go leor. Bhuel ceart go leor, mar creidim anois go bhfuil meas agat orm.
<u>Danny:</u>	Tá cinnte Sandy. Rud eile Sandy, an nglacfaidh tú ‘selfie’ liom?
<u>Sandy:</u>	Cinnte, Glacfaidh....

Amhrán – Teimid le chéile

Téimid le chéile mar rama lama lama ki dinky dink donky donk
I gcónaí le chéile mar shoobop she waddy waddy yippity boom do boom
Chang chang changedy chang sho bop
Beimid i gcónaí le chéile..... Wao Sea.

Is leathphéire muid mar dip da dip dadip do wap bi doobidoo
Súil is súil eile mar sha na na na nananana yippedy boom de boom
Chang chang changedy chang sho bop
Beimid i gcónaí le chéile..Wa wa wa waaa.

Is muid amuigh san oíche, solas na gealaí
Réalta go hárd sa spéir
Nó ag an gcéilí, ag spraoi le grá mo chroí
Ag damhsa an oíche go léir.

Rama lama lama ki dingity dink de bop
Shoo bop she waddy waddy yippedy boob do boom
Chang chang changedy chang she bop
Dip da dip da dip doo wapi do be do
Boogie woogie woogie woogie shoobedo wap de bop
Shananananana dii yippety boom de boom.

A wop bam a loom bam a wop bam boom.

Téimid le chéile mar a wap bam a lobam a wap bam boo
Muid beirt le chéile mar shananananana yippedy boom de boom
Chang chang changedy chang shobop
Beimid i gcónaí le chéile wa oo 'Sea.

I gcónaí le chéile..... Chang chang changedy chang sho bop
A wap bam a loo bam a wap bam boo !